Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10363/17**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0136 (COD)**

**EF 129**
**ECOFIN 544**
**SURE 21**
**CODEC 1070**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 331 final IARSCRÍBHINN 1 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 331 final IARSCRÍBHINN 1.

---

Faoi iamh: COM(2017) 331 final IARSCRÍBHINN 1

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.6.2017
COM(2017) 331 final

ANNEX 1

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an Togra le haghaidh***

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí) agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis a bhaineann le CPLanna a údarú agus na ceanglais maidir le CPLanna tríú tír a aithint**

{SWD(2017) 246 final}
{SWD(2017) 247 final}

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an méid seo a leanas mar Iarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IV le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

"IARSCRÍBHINN III

Liosta de na sáruithe dá dtagraítear in Airteagal 25g(1)

I. Sáruithe a bhaineann le ceanglais chaipitil:

(a) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 16(1) más rud é nach bhfuil caipiteal tosaigh buan EUR 7.5 milliún ar fáil aige:

(b) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 16(2) más rud é nach bhfuil caipiteal tosaigh aige, lena n-áirítear tuilleamh coimeádta agus cúlchistí, atá comhréireach leis an riosca a thagann as a ghníomhaíochtaí agus ar leor i gcónaí é chun a áirithiú go ndéanfar foirceannadh nó athstruchtúrú ordúil ar na gníomhaíochtaí sin thar thréimhse iomchuí ama agus chun an CPL a chosaint go leordhóthanach ar rioscaí creidmheasa, contrapháirtí, margaidh, oibríochtúla, dlíthiúla agus gnó nach bhfuil cumhdaithe cheana le hacmhainní airgeadais sonracha dá dtagraítear in Airteagail 41, 42, 43 agus 44.

II. Sáruithe a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla nó le coinbhleachtaí leasa:

(a) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(1) más rud é nach bhfuil socruithe daingne rialachais aige, lena n-áirítear struchtúr soiléir eagraíochtúil a mbeidh freagrachtaí dea-shainithe, trédhearcacha agus comhsheasmhacha ann, próisis éifeachtacha chun rioscaí a bhfuil sé neamhchosanta orthu nó a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta orthu a shainaithint, a bhainistiú, a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le sásraí leordhóthanacha um rialú inmheánach, lena n-áirítear nósanna imeachta fónta ó thaobh an riaracháin agus na cuntasaíochta.

(b) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(2) más rud é nach nglacann sé beartais leordhóthanacha agus nósanna imeachta atá éifeachtach a ndóthain chun comhlíontacht, lena n-áirítear a bhainisteoirí agus a fhostaithe a bheith ag comhlíonadh forálacha uile an Rialacháin seo;

(c) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(3) más rud é nach ndéanann sé struchtúr eagrúcháin leordhóthanach a chothabháil nó a oibriú chun a leanúnachas agus a fheidhmiú ordúil a áirithiú nó mura mbainfidh sé leas as córais, acmhainní agus nósanna imeachta atá iomchuí agus comhréireach;

(d) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(4) más rud é nach gcoimeádann sé deighilt shoiléir a choimeád idir na freagrachtaí tuairiscithe do bhainistiú riosca agus na freagrachtaí a bhaineann le hoibríochtaí eile an CPL;

(e) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(5) más rud é nach ndéanann sé beartas luacha saothair a ghlacadh, a chur chun feidhme agus a chothabháil lena gcuirfear bainistiú riosca fónta agus éifeachtach chun cinn agus nach gcruthóidh dreasachtaí chun caighdeáin riosca a mhaolú.

(f) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(6) más rud é nach ndéanann sé córais teicneolaíochta faisnéise a chothabháil atá leordhóthanach chun déileáil le castacht, éagsúlacht agus cineálacha na seirbhísí agus na ngníomhaíochtaí a dhéantar chun ardchaighdeáin slándála a áirithiú mar aon le sláine agus rúndacht na faisnéise a choinnítear a áirithiú;

(g) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(7) más rud é nach ndéanann sé a shocruithe rialachais, na rialacha lena rialaítear an CPL, agus a chritéir iontrála do chomhaltas imréitigh, a chur ar fáil don phobal saor in aisce.

(h) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 26(8) más rud é nach bhfuil sé faoi réir iniúchtaí minice agus neamhspleácha nó mura ndéanann sé torthaí na n-iniúchtaí sin a thuairisciú don bhord nó mura gcuireann sé ar fáil iad d'ÚEUM;

(i) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 27(1) nó an dara fomhír d'Airteagal 27(2) más rud é nach n-áirithíonn sé gur leor dea-cháil agus taithí an lucht bainistíochta sinsearaí agus chomhaltaí an bhoird lena áirithiú go ndéanfaidh siad bainistiú fónta stuama ar an CPL;

(j) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 27(2) más rud é nach n-áirithíonn sé go mbeidh aon trian de chomhaltaí an bhoird, i.e. beirt ar a laghad, neamhspleách, nó nach dtugann sé cuireadh d'ionadaithe chliant na gcomhaltaí imréitigh chuig cruinnithe le haghaidh ábhar atá ábhartha d'Airteagal 38 agus d'Airteagal 39 nó go ndéanann sé cúiteamh na gcomhaltaí neamhspleácha nó na gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin eile den bhord a nascadh le feidhmíocht ghnó an CPL

(k) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 27(3) más rud é nach ndéanann sé róil agus freagrachtaí an bhoird a chinneadh go soiléir nó nach gcuireann sé miontuairiscí na gcruinnithe boird ar fáil don údarás inniúil agus do na hiniúchóirí;

(l) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 28(1) más rud é nach gcuireann sé coiste riosca ar bun nó mura gcomhdhéanfaidh sé an coiste sin d'ionadaithe de na comhaltaí imréitigh, de chomhaltaí neamhspleácha an bhoird agus d'ionadaithe a gcliaint, go gcomhdhéanann sé an coiste riosca i gcaoi a mbeidh tromlach ag ceann de na grúpaí ionadaithe sa choiste riosca sin, nó nach gcuireann sé ÚEUM ar an eolas maidir le gníomhaíochtaí agus cinntí an choiste riosca i gcás ina n-iarrann ÚEUM é a chur ar an eolas;

(m) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 28(2) más rud é nach ndéanann sé an sainordú, na socruithe rialachais chun a neamhspleáchas a áirithiú, na nósanna imeachta oibriúcháin, na critéir iontrála agus an sásra toghcháin le haghaidh chomhaltaí an choiste riosca a chinneadh go soiléir, na socruithe rialachais a chur ar fáil go poiblí nó a chinneadh go ndéanfaidh comhalta neamhspleách den bhord cathaoirleacht ar an gcoiste riosca agus go dtuairisceoidh sé chuig an mbord agus go ngairmfidh sé cruinnithe go rialta;

(n) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 28(3) más rud é nach gceadaíonn sé don choiste riosca comhairle a thabhairt don bhord maidir le haon socruithe a d'fhéadfadh a bheith acu ar bhainistiú riosca CPL nó nach ndéanann sé

iarrachtaí réasúnacha dul i gcomhairle leis an gcoiste riosca maidir le forbairtí a mbeidh tionchar acu ar bhainistíocht riosca an CPL i staideanna éigeandála;

(o) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 28(5) más rud é nach gcuireann sé an t-údarás inniúil ar an eolas go pras faoi aon chinneadh inar chinn an bord gan comhairle an choiste riosca a leanúint;

(p) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 29(1) más rud é nach gcoimeádann sé na taifid ar fad ar na seirbhísí agus ar an ngníomhaíocht a sholáthrófar, ar feadh deich mbliana ar a laghad, ionas gur féidir le ÚEUM faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialachán seo ag an CPL.

(q) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 29(2) más rud é nach gcoimeádann sé ar feadh deich mbliana ar a laghad tar éis conradh a fhoirceannadh, an fhaisnéis ar fad ar na conarthaí atá próiseáilte aige ar shlí a bhféadfar téarmaí tosaigh an idirbhirt a shainaithint sula ndéanfaidh an CPL é a imréiteach;

(r) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 29(3) más rud é nach gcuireann sé na taifid agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 d'Airteagal 29 agus an fhaisnéis ar fad ar shuíomhanna na gconarthaí imréitithe, beag beann ar an ionad ina ndearnadh na hidirbhearta, ar fáil d'ÚEUM arna iarraidh sin dó, agus do chomhaltaí ábhartha CEBC;

(s) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 30(1) más rud é nach gcuireann sé ÚEUM ar an eolas go hiomlán, nó go gcuireann sé ar an eolas go bréagach nó go neamhiomlán é faoi chéannacht na scairshealbhóirí nó na gcomhaltaí, cibé acu is scairshealbhóirí díreacha nó neamhdhíreacha iad, daoine nádúrtha nó dlítheanacha iad, a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu agus faoi mhéideanna na sealúchas sin.

(t) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 30(4) más rud é go gceadaíonn sé do na daoine dá dtagraítear in Airteagal 30(1) tionchar a imirt ar dócha go ndéanfaidh sé dochar do bhainistíocht fhónta agus stuama an CPL;

(u) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 31(1) más rud é nach gcuireann sé ÚEUM ar an eolas go hiomlán, nó go gcuireann sé ar an eolas go bréagach nó go neamhiomlán é maidir le haon athruithe ar a bhainistíocht nó nach soláthraíonn sé an fhaisnéis go léir is gá d'ÚEUM chun comhlíonadh Airteagal 27(1) agus an dara fomhír d'Airteagal 27(2) a mheasúnú;

(v) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 33(1) más rud é nach ndéanann sé socruithe eagrúcháin agus riaracháin éifeachtacha i scríbhinn a chothabháil agus a oibriú chun aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir é féin, lena n-áirítear a bhainisteoirí, a fhostaithe, nó aon duine a bhfuil rialú nó dlúthnaisc dhíreacha nó indíreacha aige leo, agus a chomhaltaí imréitigh nó a gcliaint a bhfuil eolas ag an CPL orthu nó nach ndéanann sé nósanna imeachta leordhóthanacha a chothabháil agus a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh coinbhleachtaí leasa féideartha a réiteach.

(w) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 33(2) más rud é nach nochtann sé go soiléir nádúr ginearálta nó foinsí coinbhleachtaí leasa don chomhalta imréitigh sula nglacfar le hidirbhearta nua ón gcomhalta imréitigh sin, don

chomhalta imréitigh nó do chliant lena mbaineann an chomhalta imréitigh arb eol don CPL cé hé i gcás nach leor socruithe eagrúcháin agus riaracháin atá ag an CPL sin chun coinbhleacht leasa a bhainistiú, nach leor na socruithe sin le go n-áirithítear, le muinín réasúnach, go ndéanfar rioscaí damáiste do leasanna comhalta imréitigh nó do leasanna cliaint a chosc;

(x) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 33(3) más rud é nach gcuireann sé san áireamh sna socruithe i scríbhinn atá aige aon chúinsí a bhfuil an CPL ar an eolas fúthu nó ar cheart dó a bheith ar an eolas fúthu, a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa a chruthú mar thoradh ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí gnó na ngnóthas eile a bhfuil gaol máthairghnóthas nó fochuideachta aige leo;

(y) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 33(5) más rud é nach ndéanann sé gach céim réasúnach chun mí-úsáid aon fhaisnéise a chosc a choimeádtar ina chórais nó más rud é go gcuirfidh sé cosc ar úsáid na faisnéise sin i gcomhair gníomhaíochtaí eile gnó, nó ag duine nádúrtha a bhfuil dlúthnasc aige le CPL nó duine dlítheanach a bhfuil caidreamh máthairghnóthas nó fochuideachta aige leis an CPL, faisnéis rúnda arna taifeadadh i CPL a úsáid chun críocha tráchtála gan toiliú a fháil roimh ré i scríbhinn an chliaint ar leis an fhaisnéis rúnda sin:

(z) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 36(1) más rud é nach ngníomhaíonn sé go cothrom agus go gairmiúil ar mhaithe le leasanna na gcomhaltaí imréitigh agus a gcliant;

(aa) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 36(2) más rud é nach rialacha inrochtana trédhearcacha agus cothroma atá aige maidir le láimhseáil phras a dhéanamh ar ghearáin;

(bb) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 37(1) nó (2) más rud é go n-úsáideann sé, ar bhonn leanúnach, critéir, idirdhealaitheacha, neamh-thrédhearcacha suibiachtúla, nó go mainníonn sé ar bhealaí eile rochtain chothrom agus oscailte ar an CPL sin a áirithiú ar bhonn leanúnach nó go mainníonn sé ar bhonn leanúnach go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha agus cumas oibríochtúil leordhóthanach aige chun na hoibleagáidí a bhaineann le bheith páirteach i CPL a chomhlíonadh;

(cc) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 37(4) más rud é go mainníonn sé nósanna imeachta oibiachtúla agus trédhearcacha a bheith aige maidir le comhaltaí imréitigh nach gcomhlíonann na critéir dá dtagraítear i Airteagal 37(1) a thuilleadh a chur ar fionraí agus a scor go hordúil;

(dd) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 37(5) más rud é go ndéanann sé rochtain a dhiúltú do chomhalta imréitigh a chomhlíonann na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) i gcás nach dtugtar cuí le rochtain a dhiúltú i scríbhinn agus nach bhfuil sé bunaithe ar anailís riosca chuimsitheach;

(ee) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(1) más rud é nach gceadaíonn sé do chliaint a gcomhaltaí imréitigh rochtain ar na seirbhísí sonracha atá á sholáthar;

(ff) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 39(7) más rud é nach dtairgeann sé na leibhéil éagsúla leithscartha dá dtagraítear sa mhír sin ar théarmaí tráchtála réasúnacha;

III. Sáruithe a bhaineann le riachtanais oibríochtúla:

(a) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 34(1) más rud é nach ndéanann sé beartas leordhóthanach um leanúnachas gnó agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste a bhunú, a chur chun feidhme nó a chothabháil, arb é is aidhm dó a chuid oibríochtaí a athshlánú go tráthúil agus a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh, lena gceadaítear ar a laghad na hidirbhearta ar fad a athshlánú tráth an bhriste de dhroim an phlean sin ionas gur féidir leis an CPL leanúint ag oibriú faoi chinnteacht agus socraíocht a dhéanamh ar an dáta sceidealta;

(b) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 34(2) más rud é nach ndéanann sé próiseas leordhóthanach a bhunú, a chur chun feidhme nó a chothabháil atá dírithe ar shócmhainní agus suíomhanna na gcliant agus na gcomhaltaí imréitigh a shocrú go tráthúil agus go hordúil nó a aistriú go tráthúil i gcás údarú a tharraingt siar de bhun cinneadh faoi Airteagal 25;

(c) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 an dara fomhír d'Airteagal 35(1) más rud é go ndéanann sé mórghníomhaíochtaí a bhaineann le bainistiú riosca an CPL sin a sheachfhoinsiú;

(d) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 39(1) más rud é nach gcoimeádann sé taifid mar aon le cuntais leithleacha ionas gur féidir leis, tráth ar bith agus gan mhoill, sna cuntais leis an CPL, na sócmhainní agus na suíomhanna a choimeádtar do chuntas comhalta imréitigh amháin a idirdhealú ó shócmhainní agus ó shuíomhanna a choimeádtar do chuntas aon chomhalta imréitigh eile agus óna shócmhainní féin;

(e) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 39(2) más rud é nach dtairgeann sé arna iarraidh sin agus cuntais leithleacha a choimeád nó nach gcoimeádann sé taifid agus cuntais lena gcuirtear ar chumas gach comhalta imréitigh sna cuntais leis an CPL sócmhainní agus suíomhanna an chomhalta imréitigh sin a idirdhealú ó na sócmhainní agus ó na suíomhanna a choimeádtar do chuntais a chliant;

(f) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 39(3) más rud é nach dtairgeann sé arna iarraidh sin taifid mar aon le cuntais leithleacha a choimeád nó nach gcoimeádann sé iad lena gcuirtear ar chumas gach comhalta imréitigh sna cuntais leis an CPL sócmhainní agus suíomhanna a choinnítear i gcomhair cúntas cliaint amháin a idirdhealú ó shócmhainní agus suíomhanna a choinnítear i gcomhair cúntas cliant eile, nó más rud é nach dtairgeann sé do na comhaltaí imréitigh go bhféadfaí tuilleadh cuntas a oscailt ina n-ainm féin nó in ainm chuntas a gcliant i gcás ina n-iarrtar sin.

(g) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 40 más rud é nach ndéanann sé a neamhchosaint leachtachta agus creidmheasa ar gach comhalta imréitigh agus, i gcás inarb iomchuí, ar CPL eile a bhfuil socrú idir-inoibritheachta déanta aige leis a thomhas agus a mheasúnú ar bhonn fíorama nó ar bhonn am atá gar dó nó

nach bhfuil rochtain aige ar na foinsí praghsála ábhartha chun a acmhainní a thomhas go héifeachtach ar bhonn costais réasúnaigh;

(h) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 41(1) más rud é nach ndéanann sé éarlaisí ar mhaithe le teorannú neamhchosaintí creidmheasa a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú óna chomhaltaí imréitigh nó, i gcás inarb iomchuí, ó CPLanna eile a bhfuil socrú idir-inoibritheachta déanta aige leo, nó go ndéanann sé éarlaisí a fhorchur, a ghlaoch agus a bhailiú nach bhfuil leordhóthanach chun neamhchosaintí a mheasann an CPL a d'fhéadfadh a bheith ann a chumhdach roimh leachtú na suíomhanna ábhartha nó chun na caillteanais a chumhdach a eascraíonn as ar a laghad 99 % de ghluaiseachtaí na neamhchosaintí thar thréimhse ionchais iomchuí nó a áirithiú go ndéanann contrapháirtí lárnach urrús comhthaobhach a sholáthar go hiomlán dá neamhchosaintí ar a chomhaltaí imréitigh ar fad, agus, nuair is iomchuí, ar CPLanna lena bhfuil socruithe idir-inoibritheachta aige leo, ar bhonn laethúil ar a laghad, nó i gcás inar gá, chun aon iarmhairtí comhthimthriallacha a chur san áireamh;

(i) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 41(2) más rud é nach nglacann sé samhlacha agus paraiméadair maidir lena cheanglais éarlaise a leagan síos a léiríonn saintréithe riosca na dtáirgí a imréitítear agus an tréimhse idir éarlaisí a bhailiú, leachtacht mhargaidh agus athruithe a d'fhéadfadh a bheith ann le linn an idirbhirt á gcur san áireamh;

(j) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 41(3) más rud é nach ndéanann sé éarlaisí a ghlaoch agus a bhailiú laistigh de lá amháin, ar a laghad nuair a sháraítear tairseacha réamhshainithe;

(k) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 42(3) más rud é nach ndéanann sé ciste mainneachtana a chothabháil lena gcuirtear ar a chumas ar a laghad, faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach sochreidte, mainneachtain an chomhalta imréitigh a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith a sheasamh, nó chun mainneachtain an dara agus an tríú comhalta imréitigh is mó a sheasamh más mó suim a neamhchosaintí, nó mura ndéanfaidh sé cásanna a fhorbairt nach gcuimseofar leo na tréimhsí ba luainí a chonacthas sna margaí a soláthraíonn CPL a sheirbhísí dóibh agus réimse cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo, lena gcuirtear san áireamh acmhainní airgeadais a dhíoltar go tobann agus laghduithe tapa ar leachtacht mhargaidh.

(l) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 43(2) más rud é go gcuireann a chistí mainneachtana dá dtagraítear in Airteagal 42 agus a acmhainní eile dá dtagraítear in Airteagal 43(1) ar a chumas mainneachtain an dá chomhalta imréitigh a bhfuil na neamhchosaintí is mó aige ina leith a sheasamh faoi dhálaí margaidh atá foircneach ach sochreidte.

(m) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 44(1) más rud é nach mbíonn rochtain i gcónaí aige ar leachtacht leordhóthanach chun a sheirbhísí agus a ghníomhaíochtaí a chomhlíonadh nó nach ndéanann sé na riachtanais leachtachta a d'fhéadfadh a bheith aige a thomhas gach lá;

(o) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 45(1), (2) agus (3) más rud é nach mbaineann sé leas as na héarlaisí arna gcur suas ag comhalta imréitigh

mainneachtana sula mbainfidh sé leas as sócmhainní airgeadais eile chun caillteanais a chumhdach;

(p) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 45(4) más rud é nach mbaineann sé úsáid as acmhainní dílse tiomnaithe sula n-úsáidfidh sé na ranníocaíochtaí i leith ciste mainneachtana comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana.

(q) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 46(1) más rud é go nglacann sé le comthaobhacht fhíorleachtach lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh chun a neamhchosaint tosaigh agus reatha ar a chomhaltaí imréitigh a chumhdach i gcás nach gceadaítear aon chomhthaobhacht eile faoin ngníomh tarmligthe arna ghlacadh ag an gCoimisiún Faoi Airteagal 46(3);

(r) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 47(1) más rud é go n-infheistíonn sé a chuid acmhainní airgeadais seachas airgead tirim nó ionstraimí airgeadais fíorleachtacha lena mbaineann riosca íosta creidmheasa agus margaidh agus ar féidir iad a leachtú go pras gan ach éifeacht dhíobhálach an-bheag a imirt ar phraghsanna.

(s) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 47(3) más rud é nach ndéanann sé ionstraimí airgeadais a chur suas mar éarlaisí nó mar ranníocaíochtaí i leith ciste mainneachtana a thaisceadh, lena n-áirithítear lánchosaint na n-ionstraimí airgeadais sin i gcás ina bhfuil siad ar fáil, nó nach ndéanann sé socruithe eile ardslándála le hinstitiúidí airgeadais údaraithe a úsáid.

(t) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 47(4) más rud é go ndéanann sé taiscí in airgead tirim trí shocruithe ardslándála le hinstitiúidí airgeadais údaraithe nó trí shaoráidí seasmhacha taisce de chuid banc ceannais nó trí mheán inchomparáide eile a chuireann na bainc cheannais ar fáil.

(u) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 47(5) más rud é go dtaisceann sé sócmhainní le tríú páirtí gan a áirithiú go bhfuil sócmhainní na gcomhaltaí imréitigh inaitheanta go leithleach ó acmhainní an CPL nó sócmhainní an tríú páirtí sin trí bhíthin cuntais ar a bhfuil teidil éagsúla a bheith ar leabhair an tríú páirtí nó trí bhíthin aon bhearta coibhéiseacha lena mbaintear an leibhéal céanna cosanta amach nó nach bhfuil rochtain phras aige ar na hionstraimí airgeadais nuair is gá;

(v) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 47(6) más rud é go ndéanann sé a chaipiteal nó na suimeanna atá ag eascairt as na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 41, 42, 43 nó 44 a infheistiú ina urrúis féin ná in urrúis a mháthairchuideachta nó a fhochuideachta;

(w) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 48(1) más rud é nach bhfuil nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm aige a bheidh le leanúint i gcás nach gcomhlíonann comhalta imréitigh na ceanglais rannpháirtíochta a leagtar síos in Airteagal 37 laistigh den teorainn ama agus i gcomhréir leis na nósanna imeachta arna mbunú ag an CPL, nó nach dtugann sé cuntas ar na nósanna imeachta atá le leanúint, i gcás nach bhfógraíonn CPL mainneachtain comhalta imréitigh, nó nach ndéanann sé na nósanna imeachta sin a athbhreithniú go bliantúil;

(x) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 48(2) más rud é nach ndéanann sé beart pras chun brúnna leachtachta agus caillteanais atá ag eascairt as mainneachtain comhalta imréitigh a shrianadh agus nach n-áirithíonn sé nach gcuirfidh leachtú suíomhanna de chuid aon chomhalta imréitigh isteach ar a oibríochtaí nó nach ndéanann sé comhaltaí imréitigh neamh-mhainneachtana a chur ar neamhchosaint ar chaillteanais nach féidir leo a réamh-mheas ná a rialú;

(y) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 48(3) más rud é nach gcuireann sé ÚEUM ar an eolas go pras sula ndéanfar an próiseas mainneachtana a dhearbhú nó a thionscnamh;

(z) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 48(4) más rud é nach bhfíoraíonn sé go bhfuil a nósanna imeachta réamhshocraithe in-fhorfheidhmithe agus nach dtugann sé na céimeanna réasúnacha ar fad lena áirithiú go bhfuil na cumhachtaí dlíthiúla aige suíomhanna dílsithe an chomhalta imréitigh mainneachtana a leachtú agus suíomhanna chliaint an chomhalta imréitigh mainneachtana a leachtú nó a aistriú;

(aa) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 49(1) más rud é nach ndéanann sé athbhreithniú go rialta ar na samhlacha agus ar na paraiméadair ar glacadh leo chun a cheanglais éarlaise, ranníocaíochtaí i leith ciste mainneachtana, ceanglais chomhthaobhachta agus sásraí rialaithe eile riosca a ríomh, agus nach gcuireann sé tástálacha struis diana agus rialta i bhfeidhm ar na samhlacha chun a solúbthacht faoi dhálaí margaidh sochreidte ach foircneacha a mheas agus nach ndéanann sé aistástálacha chun iontaofacht na modheolaíochta ar glacadh léi a mheas, nó mura bhfaigheann sé bailíochtú neamhspleách, nó mura gcuireann sé ÚEUM ar an eolas maidir le torthaí na dtástálacha a rinneadh, nó mura bhfaigheann sé bailíochtú ÚEUM roimh dó aon athrú tábhachtach ar na samhlacha agus na paraiméadair a ghlacadh;

(bb) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 49(2) más rud é nach ndéanann sé gnéithe tábhachtacha dá nósanna imeachta mainneachtana a thástáil go rialta nó mura dtugann sé gach céim réasúnach lena áirithiú go dtuigfidh na comhaltaí imréitigh ar fad iad agus go mbeidh socraíochtaí iomchuí i bhfeidhm acu le freagra a thabhairt ar theagmhas mainneachtana;

(cc) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 49(1a) más rud é go nglacann sé aon athrú tábhachtach ar na samhlacha agus na paraiméadair dá dtagraítear in Airteagal 49(1) roimh bhailíochtú a fháil ó ÚEUM maidir leis an athrú sin;

(dd) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50(1) más rud é nach mbaineann sé leas as airgead bainc cheannais, i gcás ina bhfuil sé praiticiúil agus nuair a bhíonn a leithéid ar fáil nó nach dtugann sé céimeanna chun srian dian a chur le rioscaí um shocraíocht airgid thirim i gcás nach mbaintear leas as airgead bainc cheannais;

(ee) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50(3) más rud é nach ndéanann sé an príomhriosca a dhíchur trí shásraí maidir le seachadadh in áit íocaíochta a úsáid a mhéid is féidir, i gcás ina bhfuil oibleagáid ar CPL ionstraimí airgeadais a sheachadadh nó a fháil mar sheachadadh;

(ff) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50a nó Airteagal 50b más rud é nach ndéanann sé $K_{CCP}$ a ríomh mar a shonraítear san Airteagal sin nó nach leanann sé na rialacha maidir le $K_{CCP}$ a ríomh a leagtar amach in Airteagail 50a(2), 50b agus 50d;

(gg) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50a(3) más rud é nach ndéanann sé $K_{CCP}$ a ríomh níos lú ná uair sa ráithe nó níos annaimhe ná mar atá ceangailte ag ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 50a(3);

(hh) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 51(2) más rud é nach bhfuil rochtain neamh-idirdhealaitheach ag an CPL ar na sonraí atá riachtanach dó chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ón ionad trádála áirithe sin a mhéid a chomhlíonann an CPL sin na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla arna mbunú ag an ionad trádála agus ar an gcóras socraíochta ábhartha;

(ii) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 52(1) más rud é go ndéanann sé socrú idir-inoibritheachta gan aon cheann de na ceanglais a leagtar amach i bpointe (a), pointe (b), pointe (c) agus pointe (d) den mhír sin a chomhlíonadh;

(jj) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 53(1) más rud é nach ndéanann sé idirdhealú sna cuntais ar na sócmhainní agus na suíomhanna atá sealbhaithe do chuntas CPL eile lena ndearna sé socrú idir-inoibritheachta;

(kk) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 54(1) más rud é go ndéanann sé socrú idir-inoibritheachta gan toiliú ÚEUM a fháil roimh ré;

IV. Sáruithe a bhaineann le trédhearcacht faisnéise agus infhaighteacht faisnéise:

(a) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(1) más rud é nach ndéanann sé na praghsanna ar gach seirbhís a chuirtear ar fáil ar leithligh a nochtadh lena n-áirítear lascainí agus aisíocaíochtaí mar aon leis na coinníollacha chun tairbhe a bhaint as na laghduithe sin;

(b) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(1) más rud é nach ndéanann sé costais agus ioncaim a sheirbhísí a nochtadh d'ÚEUM;

(c) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(2) más rud é nach ndéanann sé na rioscaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear a nochtadh do chomhaltaí imréitigh agus do chliaint;

(d) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(3) más rud é nach nochtann sé dá chomhaltaí imréitigh agus dá údarás inniúil an fhaisnéis faoi phraghsanna a úsáidtear chun neamhchosaintí ag deireadh an lae maidir lena chomhaltaí imréitigh a ríomh nó nach nochtann sé go poiblí líon na n-idirbheart a imréitíodh i leith gach ionstraime arna himréiteach ag an CPL ar bhonn comhiomlán;

(f) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(4) más rud é nach nochtann sé go poiblí na riachtanais oibríochtúla agus theicniúla a bhaineann leis na prótacail chumarsáide lena gcumhdaítear formáidí inneachair agus formáidí teachtaireachtaí a úsáideann sé le hidirghníomhú le tríú páirtithe, lena n-áirítear na ceanglais oibríochtúla agus theicniúla dá dtagraítear in Airteagal 7;

(g) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 38(5) más rud é nach nochtann sé go poiblí aon sáruithe a rinne comhaltaí imréitigh ar na critéir dá dtagraítear in Airteagal 37(1) agus na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 38(5), ach amháin i gcás ina measann ÚEUM gur bagairt a bheadh sa nochtadh sin don chobhsaíocht airgeadais nó do mhuinín an mhargaidh agus go gcuirfeadh nochtadh don phobal den chineál sin na margaí airgeadais i mbaol mór nó go ndéanfadh sé damáiste díréireach do na páirtithe lena mbaineann;

(h) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 39(7) más rud é nach nochtann sé go poiblí na leibhéil cosanta agus na costais a bhaineann leis na leibhéil éagsúla leithscartha a chuireann sé ar fáil;

(h) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 49(3) más rud é nach nochtann sé go poiblí faisnéis ríthábhachtach ar a shamhail bainistithe riosca agus na toimhdí ar glacadh leo chun na tástálacha struis dá dtagraítear in Airteagal 49(1) a dhéanamh;

(j) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50(2) más rud é nach dtugann sé le fios go soiléir na hoibleagáidí atá air maidir le hionstraimí airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear an bhfuil sé d'oibleagáid air ionstraim airgeadais a sheachadadh nó a fháil mar sheachadadh agus an slánaíonn sé na rannpháirtithe ar chaillteanais a tharlaíonn le linn an phróisis seachadta.

(k) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50c(1) más rud é nach ndéanann sé an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (d) agus (e) d'Airteagal 50c(1) a nochtadh do na comhaltaí imréitigh aige atá ina n-institiúidí agus dá n-údaráis inniúla;

(l) sáraíonn CPL ar Leibhéal 2 Airteagal 50a(2) más rud é nach ndéanann sé a chomhaltaí imréitigh ar institiúidí iad a chur ar an eolas níos lú ná uair sa ráithe nó níos annaimhe ná mar atá ceangailte ag ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 50c(2);

V. Sáruithe a bhaineann le bacainní ar ghníomhaíochtaí maoirseachta:

(a) sáraíonn CPL Airteagal 25c más rud é go gcuireann sé faisnéis mhícheart nó mhíthreorach ar fáil mar fhreagra ar iarraidh shimplí ar fhaisnéis ó ÚEUM i gcomhréir le hAirteagal 25c nó mar fhreagra ar chinneadh ó ÚEUM lena n-éilítear faisnéis i gcomhréir le hAirteagal 25n;

(b) go gcuireann CPL freagraí míchearta nó míthreoracha ar fáil ar cheisteanna a cuireadh de bhun Airteagal 25d(1)(d);

(c) más rud é nach ndéanann CPL ar Leibhéal 2 in am trátha beart maoirseachta a ghlac ÚEUM a chomhlíonadh de bhun Airteagal 25n;

(d) más rud é nach ndéanann CPL ar Leibhéal 2 toiliú dul faoi chigireacht ar an láthair a cheanglaítear le cinneadh arna ghlacadh ag ÚEUM de bhun Airteagal 25e".

1. Cuirtear isteach an Iarscríbhinn IV seo a leanas:

"IARSCRÍBHINN IV

Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le himthosca géaraitheacha agus le himthosca maolaitheacha chun Airteagal 25g(3) a chur i bhfeidhm

Beidh na comhéifeachtaí seo a leanas infheidhme go carnach maidir leis na méideanna bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 25g(2):

I. Comhéifeachtaí um choigeartú a bhaineann le himthosca géaraitheacha:

(a) i gcás ina ndearnadh an sárú arís agus arís eile, beidh feidhm ag comhéifeacht bhreise 1:1 i ndáil le gach uair a rinneadh an sárú athuair;

(b) i gcás ina ndearnadh an sárú ar feadh tréimhse is faide ná sé mhí, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.5;

(c) i gcás inar léirigh an sárú laigí sistéamacha in eagar an CPL, go háirithe ina nósanna imeachta, ina chórais bhainistíochta nó ina rialuithe inmheánacha, beidh feidhm ag comhéifeacht 2.2;

(d) i gcás ina bhfuil tionchar diúltach ag an sárú ar cháilíocht ghníomhaíochtaí agus sheirbhísí an CPL, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.5;

(e) i gcás ina bhfuil an sárú déanta d'aon ghnó, beidh feidhm ag comhéifeacht 2;

(f) i gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht feabhais déanta ón am a rinneadh an sárú a shainaithint, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.7;

(g) i gcás nach bhfuil bainistíocht shinsearach an eintitis tar éis comhoibriú leis an mBord le linn don Bhord a chuid imscrúduithe a chur i gcrích, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.5.

II. Comhéifeachtaí um choigeartú a bhaineann le fachtóirí maolaitheacha:

(a) i gcás ina ndearnadh an sárú ar feadh tréimhse is lú ná deich lá oibre, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.9;

(b) i gcás ina bhfuil lucht bainistíochta sinsearaí an CPL in ann a léiriú go ndearna siad gach beart is gá chun an sárú a chosc, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.7;

(c) i gcás ina bhfuil an CPL tar éis an sárú a chur in iúl d'ÚEUM go pras, éifeachtach agus iomlán, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.4;

(d) i gcás ina bhfuil an CPL, dá dheoin féin, tar éis bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach féidir le sárú comhchosúil tarlú arís amach anseo, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.6."